Scoil tréidliachta i mbaol

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin choláiste tréidliachta i mBaile Átha Cliath. Sula bhféachann tú ar an tuairisc pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:
Cén fáth go dtagann mic léinn ó thar lear chuig ollscoileanna in Éirinn? An bhfuil sé tábhachtach iad a mhealladh? Cén buntáiste atá ann d'ollscoil Éireannach nuair a thagann mic léinn ó thíortha eile?

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc cúpla uair agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail seo thíos a aimsiú inti. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

An bhfuil mórán díobh ar eolas agat sula bhféachann tú ar an tuairisc?

1. ten students _____
2. spokesperson _____
3. the veterinary hospital _____
4. modern facility _____
5. professional organisation _____
6. inspection visit _____
7. if the problems aren't solved _____
8. as an independent faculty _____
9. the necessary changes _____
10. independence _____
11. recognised schools _____
12. to lessen this worry _____
13. in the meantime _____
14. implications _____

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht a rá an bhfuil na ráitis sa bhosca thíos fíor nó bréagach. Má tá siad bréagach, an féidir leat an leagan ceart a chur ar fáil? Cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

	Fíor	Bréagach
1. D'aistrigh ochtar mac léinn ó Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath chuig Ollscoil Ghlaschú.		
2. Níor éirigh le Scoil na Tréidliachta aitheantas a fháil ó chumann gairmiúil na dtréidlianna i Meiriceá.		
3. Tógadh an t-ospidéal tréidliachta cúig bliana ó shin.		
4. Cuireadh cuairt chigireachta ar athló i mí Feabhra.		
5. Meán Fómhair 2005 a chaill an scoil tréidliachta a stádas mar dhámh neamhspleách.		
6. Is imní faoi neamhspleáchas atá ar an AVMA.		
7. Tá an tOllamh dóchasach go bhfaighidh siad aitheantas i 2007		
8. Níl aon imní ar mhic léinn faoin easpa aitheantais.		

Ceist 4 ‘Tógadh *an t-ospidéal tréidliachta* trí bliana ó shin.’
‘Chuir siad *cuairt chigireachta* ar athló i mí Lúnasa.’

Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na focail i gcló iodálach thuas? Pléigh iad leis an duine in aice leat. Mura bhfuil sibh cinnte cabhróidh an teagascóir libh.

Anois críochnaigh na habairtí a leanas ag baint úsáide as na focail idir lúibíní.

1. Ba mhaith le Máire bheith ag obair mar mhúinteoir _____. (scoil)

2. Tá cúigear Teachta _____ ag freastal ar an gceantar. (Dáil)

3. Níl mórán áiseanna _____ ar fáil in Éirinn i gcomparáid le tíortha Eorpacha eile. (athchúrsáil)

4. De ghnáth bíonn pá _____ níos airde ná an pá a fhaigheann na hoibrithe. (bainisteoir)

5. Cuireann mná _____ sa Ghaeltacht lóistín ar fáil do scoláirí a bhíonn ag freastal ar chúrsaí Gaeilge. (teach)

Ceist 5 ‘Chuir cumann na dtréidlianna cuairt chigireachta *ar athló* i mí Lúnasa agus níl aon dáta nua socraithe fós.’

ar athló	ar ceal	ar fionnraí	ar meisce
ar siúl	ar cíos	ar buile	ar díol

An féidir leat féin agus an duine in aice leat na habairtí thíos a chríochnú ag baint úsáide as na frásaí sa bhosca thuas?

1. Bhí beirt daltaí ag caitheamh tobac ar scoil agus chuir an príomhoide _____ iad.

2. Chuaigh Seán ag obair i bPáras ar feadh cúpla mí agus thóg sé árasán _____ ansin.

3. D’ól an fear óg an iomarca fíona agus bhí sé _____.

4. Cuireadh an cheolchoirm _____ agus fuair gach duine an t-airgead a bhí íoctha acu ar ais.

5. Bhí Máire _____ nuair a bhris na páistí an fhuinneog leis an liathróid peile.

Ceist 5 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa: Mura bhfaigheann an scoil tréidliachta aitheantas ón AVMA, cad a tharlóidh amach anseo?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2
Is féidir iarraidh ar na mic léinn triail a bhaint as na focail ar dtús sula bhfeiceann siad an tuairisc agus ansin arís agus an tuairisc ar siúl.

1. deichniúr mac léinn
2. urlabhraí
3. an t-ospidéal tréidliachta
4. áis nua-aimseartha
5. eagraíocht ghairmiúil
6. cuairt cigireachta
7. mura réitítear na deacrachtaí
8. mar dhámh neamhspleách
9. na hathruithe is gá
10. neamhspleáchas
11. scoileanna aitheanta
12. an imní seo a mhaolú
13. idir an dá linn
14. impleachtaí

Ceist 3

1. Bréagach. D'aistrigh deichniúr chuig Ollscoil Ghlaschú.
2. Fíor.
3. Bréagach. Tógadh an t-ospidéal trí bliana ó shin.
4. Bréagach. Cuireadh an chuairt ar athló i mí Lúnasa.
5. Fíor.
6. Fíor.
7. Fíor
8. Bréagach. Ní fios cén impleachtaí a bheas ag an easpa aitheantais d'earcú mhic léinn ó thar lear. D'aistrigh deichniúr go hOllscoil Ghlaschú i mbliana.

Ceist 4
An tuiseal ginideach uatha (gan alt) atá i gceist anseo.

1. mar mhúinteoir scoile
2. Teachta Dála
3. áiseanna athchúrsála
4. pá bainisteora
5. mná tí

Ceist 5
1. ar fionnraí
2. ar cíos
3. ar meisce
4. ar ceal
5. ar buile

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Ailbhe Ó Monacháin

Tá deichniúr mac léinn tréidliachta aistrithe ón choláiste tréidliachta in Ollscoil na hÉireann i mBaile Átha Cliath chuig Ollscoil Ghlaschú in Albain mar nár éirigh leis an ollscoil anseo aitheantas a fháil ó chumann gairmiúil na dtréidlianna i Meiriceá. Dúirt urlabhraí de chuid na hollscoile go raibh súil acu an t-aitheantas a fháil an bhliain seo chugainn. Tá tuilleadh faoi sin ag Joe Mag Raollaigh.

Joe Mag Raollaigh

Seo an t-ospidéal tréidliachta i gColáiste na hOllscoile Bhaile Átha Cliath, áis nua-aimseartha a tógadh trí bliana ó shin i dteannta leis an scoil nua tréidliachta chun traenáil a chur ar thréidlianna óga na tíre seo. Is é an t-aon choláiste tréidliachta ar an oileán é ag freastal ar mhic léinn Éireannacha agus ó thar lear. Ina measc tá 40 ó Stáit Aontaithe Mheiriceá agus ó Cheanada ach 50 a bhíodh sa ghrúpa seo. Ach i mbliana nuair a theip ar an ollscoil aitheantas a fháil ón AVMA[1], 'sé sin an eagraíocht ghairmiúil atá ag tréidlianna i Meiriceá, d'aistrigh deichniúr mac léinn go dtí Ollscoil Ghlaschú, ollscoil a bhfuil an t-aitheantas seo aige. Dúirt urlabhraí an AVMA, an dochtúir Donald Simmons le Nuacht go raibh deacrachtaí acu leis an scoil tréidliachta agus gur chuireadar cuairt chigireachta ar athló i mí Lúnasa. Níl dáta nua cigireachta socraithe ach dúirt an dochtúir Simmons nach dtabharfar aitheantas don scoil mura réitítear na deacrachtaí atá acu. Tuigtear go mbaineann siad seo go príomha le hathstruchtúrú na hollscoile anuraidh. Meán Fómhair 2005 a chaill an scoil tréidliachta a stádas mar dhámh neamhspleách agus cuireadh isteach i Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leigheas Tréidliachta í. Inniu dúirt déan[2] scoil na tréidliachta, an tOllamh Boyd Jones, gur imní faoi neamhspleáchas atá ar an AVMA. Is fearr leo neamhspleáchas a bheith ag scoileanna aitheanta, a dúirt sé. Agus dúirt sé go ndéanfar na hathruithe is gá chun an imní seo a mhaolú. Tá sé dóchasach go bhfaighidh siad aitheantas i 2007 ach ghlac sé leis go bhféadfadh an easpa aitheantais a bheith ina ábhar imní do mhic léinn idir an dá linn. Iarracht ab ea é cur le stádas na hollscoile ach i leaba sin tá sé tar éis dochar a dhéanamh dó. Tá an Roinn Tréidliachta anseo anois ag iarraidh an dochar sin a leigheas tríd an t-aitheantas a fháil ón AVMA, ach go dtí seo níor éirigh leo. Idir an dá linn ní fios cén impleachtaí a bheas aige seo do earcú mic léinn eile ó thar lear.

Joe Mag Raollaigh, Nuacht TG4, ag an ospidéal tréidliachta i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.

[1] American Veterinary Medical Association
[2] *déanach* a deirtear sa mhír